

Acmhainní don Dara hÁbhar Teagaisc 2019 / 2020

Tá an FGL ar líne seo curtha ar fáil i seisiúin / i bhfísghabhálacha ar leith (a chuirtear in iúl leis an litir 'S'). Ní hionann an méid seisiún atá ann ó ábhar go hábhar.

Ábhar	Cur síos ar ábhar na seisiún	Acmhainní le priotáil nó le híoslódáil chun dul i mbun an FGL	Modh craolta	Am a theastódh (go garbh) chun dul i mbun an FGL
Gaeilge T1	<p>S1: Conas scileanna léitheoireachta an scoláire a chur chun cinn tríd an gcur chuige comhtháite.</p> <p>S2: Conas measúnú foirmitheach ailínithe a aithint / a phleanáil agus conas scil an mhachnaimh a chothú sna scoláirí.</p> <p>S3: Conas scileanna scríbhneoireachta na scoláirí a fhorbairt is a mheas tríd an gcur chuige comhtháite. Conas leas a bhaint as na téacsanna litríochta mar spreagthach chun scileanna teanga na scoláirí a fhorbairt.</p>	Tá an lámhleabhar FGL ar fáil taobh leis na físghabhálacha scáileáin ar an suíomh. Thairis sin, tá nascbhileog ann leis na naisc chuig na suíomhanna gréasáin ar fad atá luaite sna físghabhálacha scáileáin.	Tá trí fhísghabháil scáileáin i gceist. Tugtar deis do rannpháirtithe sos a ghlacadh chun machnamh a dhéanamh agus moltar do mhúinteoirí leas a bhaint as an lámhleabhar agus as an nascbhileog araon.	Ar an meán, maireann gach físghabháil scáileáin thart ar leath uair an chloig. Má ghlacann an múinteoir/na múinteoirí páirt sna gníomhaíochtaí éagsúla a mholtar, cuirfidh sé le fad an tseisiúin.